





# PLEAN OIDHREACHTA STRAITÉISEACH NA hIARMHÍ 2024-2030







WESTMEATH COUNTY COUNCIL
Comhairle Chontae na hIarmhí

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

# Buíochas

Is mian le Fóram Oidhreachta na hIarmhí agus le Comhairle Contae na hIarmhí aitheantas a thabhairt do ról na Comhairle Oidhreachta i ndáil le tacú le hullmhú an Phlean Oidhreachta seo, i gcomhar le Comhairle Contae na hIarmhí. Lena chois sin, is mian leis an bhFóram agus le Comhairle Contae na hIarmhí aitheantas a thabhairt don tacaíocht a fuarthas ón gComhairle Oidhreachta trí mhaoiniú a chur ar fáil do phost an Oifigigh Oidhreachta agus cur chun feidhme tionscadal faoi Phlean Oidhreachta 2018-2023, i gcomhar le Comhairle Contae na hIarmhí.

©2024 Comhairle Contae na hIarmhí

**Má theastaíonn tuilleadh faisnéise uait déan teagmháil le:**

Melanie McQuade
Oifigeach Oidhreachta
Comhairle Contae na hIarmhí, Áras an Chontae, An Muileann gCearr,
Co. na hIarmhí. N91 FH4N
***Teileafón:*** (044) 9332098 / (087) 6074496 | ***R-phost:*** heritage@westmeathcoco.ie



Roinnt ball d'Fhóram Oidhreachta na hIarmhí ag an Seanphríosún i mBaile Fhobhair in 2022 i ndiaidh oibreacha caomhantais a bheith curtha i gcrích ar an séadchomhartha

***Deartha ag*** Ruth Murray

***Íomhá Chlúdaigh (C-D ar deiseal):*** Caisleán Bhaile Átha Luain, Magairlín na mBeach, Teach Belvedere, Gairdíní & Páirc, An Muileann gCearr, An Liag Mhullaigh ag Cnoc Uisnigh, imeacht na Seachtaine Oidhreachta, Portach Chluain Cró 2022, Sundew © T. Kelly

***Grianghraif glactha ag*** Melanie McQuade mura sonraítear a mhalairt

# Clár na nÁbhar


| | |
|---|---|
| 2 | **Réamhfhocal** |
| 4 | **Réamhrá** |
| 4 | Céard a chiallaíonn Oidhreacht? |
| 4 | Céard é an Plean Oidhreachta? |
| 6 | Treoirphrionsabail |
| 7 | Fóram Oidhreachta na hIarmhí |
| 8 | **Modh forbartha Phlean Oidhreachta na hIarmhí** |
| 9 | **AIDHM** |
| 10 | **FÍS** |
| 11 | **Cuspóirí agus Gníomhartha** |
| 12 | **Cuspóir 1** - Níos mó feasachta agus measa ar ár nOidhreacht a spreagadh agus tacú lena leithéid |
| 13 | **Cuspóir 2** - Cur leis an méid atá ar eolas againn, scileanna a fhorbairt, taighde níos doimhne a dhéanamh agus teacht ar thuiscint níos fearr ar ár n-oidhreacht |
| 14 | **Cuspóir 3** - Oidhreacht ár gContae a chosaint |
| 16 | **Cuspóir 4** - A chinntiú go bhfuil ár nOidhreacht inrochtana agus ionchuimsitheach |
| 18 | ***Aguisín 1*** - Gluais |
| 19 | ***Aguisín 2*** - Athbhreithniú ar Ghníomh Phlean Oidhreachta Chontae na hIarmhí 2018-2023 |

# Réamhfhocal

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach agus Príomhfheidhmeannach Chomhairle Contae na hIarmhí

Cúis áthais dúinn go bhfuil Plean Oidhreachta Straitéiseach na hIarmhí 2024-2030 curtha i dtoll a chéile. Is é seo an ceathrú Plean Oidhreachta do Chontae na hIarmhí. Sa Phlean seo cuirtear leis an méid a baineadh amach mar chuid de na pleananna roimhe seo agus léirítear ann tiomantas leanúnach fheidhmeannas agus bhaill tofa Chomhairle Contae na hIarmhí aire a thabhairt dár nOidhreacht.

Tá oidhreacht shaibhir agus éagsúil le fáil san Iarmhí, cúis bhróid dúinn ar fad. Leagtar amach i bPlean Oidhreachta Straitéiseach 2024-2030 ceithre chuspóir agus soláthraítear gníomhartha praiticiúla ann chun tacú le feasacht, tuiscint, cosaint níos ar ár n-oidhreacht agus chun taitneamh a bhaint as ár n-oidhreacht. Is plean dinimiciúil atá ann atá in ann freagairt do dheiseanna athraitheacha. Déanfar measúnú ar ghníomhartha an Phlean bunaithe ar na táscairí feidhmíochta.

Tá Plean Oidhreachta Straitéiseach na hIarmhí 2024-2030 ailínithe lenár bhfís níos ginearálta d'fhorbairt gheilleagrach, turasóireachta agus pobail, mar aon le gníomh bithéagsúlachta agus aeráide mar atá mínithe i bpleananna agus i ndoiciméid beartais Chomhairle Contae na hIarmhí.

Is mian linn buíochas a ghabháil leis na heagraíochtaí agus daoine ar fad a roinn a gcuid ama go flaithiúil linn agus a d'oibrigh i gcomhpháirt lena chéile trí Fhóram Oidhreachta na hIarmhí chun an plean seo a ullmhú. Beidh an Fóram Oidhreachta, le tacaíocht ó Chomhairle Contae na hIarmhí, an Chomhairle Oidhreachta agus comhpháirtithe eile freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an Phlean Oidhreachta Straitéiseach. Táimid fíorbhuíoch de na comhpháirtithe seo as tacú linn.

Tá muid ag súil le Plean Oidhreachta Straitéiseach na hIarmhí 2024-2030 a chur i bhfeidhm agus as tairbhe a bhaint as na buntáistí a chruthóidh sé do dhaoine atá ina gcónaí agus ag obair san Iarmhí agus do chuairteoirí chuig an gcontae freisin.



**An Comhairleoir Cllr. Liam McDaniel**
Cathaoirleach



**Pat Gallagher**
Príomhfheidhmeannach

## Teachtaireacht ó Chathaoirleach an Fhóraim Oidhreachta

Tá oidhreacht shaibhir ag an Iarmhí lena n-áirítear lochanna, aibhneacha agus bogaigh, bailte múrtha, eastáit stairiúla agus mórshráideanna traidisiúnta, ceol, teanga, scéalaíocht, scileanna agus ceirdeanna. Mar chathaoirleach an fhóraim oidhreachta san Iarmhí, is léir dom cé chomh bríomhar agus chomh luachmhar is atá ár n-oidhreacht inár bpobail agus is léir dom freisin go bhfuil obair leanúnach á déanamh mórthimpeall an chontae chun an oidhreacht sin a thaifeadadh agus a chosaint.

Sa phlean seo, tá sé mar aidhm againn ár n-oidhreacht a chosaint, an oidhreacht inláimhsithe agus dholáimhsithe, agus a chinntiú go mbeidh an oidhreacht níos inrochtana agus níos ionchuimsithí do gach duine. Tá foilsiú ceathrú Phlean Oidhreachta na hIarmhí tábhachtach agus tráthúil. Is creat atá ann a chabhróidh linn ar fad ár n-oidhreacht chomhchoiteann a aimsiú, a chosaint, a fheabhsú agus a cheiliúradh. Cuireann an Plean seo leis an méid a cuireadh i gcrích mar thoradh ar phleananna a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo agus le hobair atá curtha i gcrích ag oifig oidhreachta na hIarmhí agus ag na grúpaí oidhreachta éagsúla a dhéanann obair mhór bliain i ndiaidh bliana.

Tá an Plean curtha i dtoll a chéile ag ár nOifigeach Oidhreachta, Melanie McQuade, baill an fhóraim oidhreachta le hionchur ón bpobal trí chomhairliúcháin agus aighneachtaí. Is mian liom buíochas ó chroí a ghabháil le gach duine a chuir leis an bplean. Is mian an tacaíocht a fuarthas ó Chomhairle Contae na hIarmhí agus ón gComhairle Oidhreachta fad is a bhí an plean seo á ullmhú agus á chur chun feidhme a admháil.

Ba cheart go mbeadh an doiciméad seo in úsáid ag gach duine agus grúpa a idirghníomhaíonn le hoidhreacht ár gcontae. Molaim do gach duine an plean a léamh agus a bheith páirteach sa Ghníomh Oidhreachta trí pháirt a ghlacadh i ngrúpa áitiúil, freastal ar imeachtaí agus ceardlanna nó obair de do chuid féin a dhéanamh agus tacú le haird a tharraingt ar oidhreacht ár gcontae.

Ní neart go cur le chéile.



**An Comhairleoir Louise Heavin**
Cathaoirleach Fhóram Oidhreachta na hIarmhí

# Réamhrá

## Céard a chiallaíonn Oidhreacht?

Seo a leanas an sainmhíniú atá luaite le hoidhreacht in Acht Oidhreachta, 1995, *foirgnimh, séadchomharthaí, oibiachtaí seandálaíochta, oibiachtaí oidhreachta, oidhreacht ailtireachta, flóra, fána, gnáthóga fiadhúlra, tírdhreacha, muirdhreacha, báid bhriste, geolaíocht, gairdíní oidhreachta agus páirceanna, agus uiscebhealaí intíre*. Is samplaí d'oidhreacht inláimhsithe iad sin ar fad. In 2003, ghlac UNESCO le hoidhreacht chultúrtha inláimhsithe a chur san áireamh sa sainmhíniú a bhí luaite le hoidhreacht. Is fianaise é seo ar an tábhacht a bhaineann le hómós áite agus cuimhne, agus ar mhórtas agus meas ar an méid a tharla sula rabhamar féin beo.

## Céard é an Plean Oidhreachta?

Leagtar amach i bPlean Oidhreachta na hIarmhí 2024-2030 creat don obair a bheidh á déanamh ag Oifig Oidhreachta Chomhairle Contae na hIarmhí, i gcomhpháirt le grúpaí agus gníomhaireachtaí, chun tionscadail oidhreachta laistigh den Chontae a chur i gcrích. Is é seo an ceathrú Plean Oidhreachta don Iarmhí. Is é an aidhm atá leis cur leis an méid a baineadh amach mar thoradh ar na pleananna a cuireadh i dtoll a chéile roimhe seo agus tá sé scríofa i gcomhthéacs an Phlean Oidhreachta náisiúnta, *Oidhreacht Éireann 2030*, agus Plean Straitéiseach na Comhairle Oidhreachta 2023-2028, '*Our Place in Time*'.

Chomh maith leis sin, tá Plean Oidhreachta na hIarmhí bunaithe ar Thionscadal Éireann 2040 agus ar an bPlean Forbartha Náisiúnta, an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta Bithéagsúlachta, Straitéis Náisiúnta na dTailte Portaigh 2015, an Straitéis Náisiúnta Tírdhreacha 2015-2025, Beartas Rialtais maidir le hAiltireacht, an Plean Oiriúnaithe Earnála um Athrú Aeráide maidir le hAiltireacht agus Straitéis Náisiúnta na hOidhreachta Dúchasaí.

Oibríonn an Plean Oidhreachta taobh le cuspóirí Beartais Phlean Forbartha Contae na hIarmhí 2021-2027, Plean Corparáideach Chomhairle Contae na hIarmhí, Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta na hIarmhí 2023-2027, agus Straitéis Turasóireachta na hIarmhí 2023-2027. Chomh maith leis sin, beidh an Plean Oidhreachta ag obair taobh le Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide an Údaráis Áitiúil, an Plean Áitiúil Gheilleagrach agus Pobail, agus Plean Bithéagsúlachta na hIarmhí.

San áireamh i measc thorthaí Phlean Oidhreachta na hIarmhí 2018-2023 tá:

- Speicis Choimhthíocha Ionracha ag Teach, Gairdíní agus Páirc Belvedere a bhainistiú
- Iniúchadh ar láithreáin Oidhreachta Geolaíche san Iarmhí
- Suirbhé ar Bhogaigh (suirbhé deisce agus allamuigh)
- Suirbhé ar an Oidhreacht Thionsclaíoch
- Oiliúint i mbainistíocht dea-chleachtais agus taifeadadh reiligí stairiúla
- Oibreacha caomhantais ar Bhalla Bhaile Átha Luain; an Seanphríosún i mBaile Fhobhair; Ospidéal Lobhar Chill Bhiscí, Séipéal Chill an Fhraoigh i mBaile na gCros, Séipéal Eoin in An Baile Mór, Túrtheach Monasset agus Céim 1 - oibreacha caomhantais ar Sheanteach Chúirt Dhaimhinse agus *Bataire Gunna Uimh*. *a hAon* i mBaile Átha Luain agus Séipéal Theampall na Croise, Triostarnach.
- Tá Pleananna Bainistíochta Caomhantais ullmhaithe do Ghairdíní agus Páirc Theach Belvedere, Cnoc Uisnigh, an Chóir Chosanta Baile i mBaile Fhobhair, Folcadán agus Muileann Fheichín, Baile Fhobhair mar aon le Séipéal agus suíomhanna reilige i mBaile Ghrífín, Cill Áir, Caisleán Loiste agus Cill Phádraig.
- Léirmhíniú Digiteach ar an gConair Chré-umhaoise i Maighean
- Suirbhé LiDAR ar Chnoc Uisnigh
- Oiliúint sa Stairsheanchas agus iniúchadh ar Thaifeadtaí Oidhreachta Béile
- Tionscadal Taifeadta Ainmneacha Páirceanna na hIarmhí

**Tá athbhreithniú iomlán ar Ghníomhaíochtaí Phlean Oidhreachta na hIarmhí 2018-2023 agus naisc chuig tuarascálacha tionscadail gaolmhara le fáil in Aguisín 2



Balla Bhaile Átha Luain ag Sráid na hEaglaise/Sráid Mhuire i ndiaidh oibreacha caomhantais a chur i gcrích arna maoiniú ag An Ciste Séadchomharthaí Pobail 2020 agus 2021

## Treoirphrionsabail

San áireamh i measc na bprionsabal atá mar bhonn le cuspóirí an Phlean Oidhreachta tá:

***Forbairt Inbhuanaithe*** - Forbairt a fhreastalaíonn ar riachtanais ghlúin an lae inniu gan dochar a dhéanamh do chumas na nglúnta amach anseo a gcuid riachtanas féin a chomhlíonadh.' Ghlac gach Ballstát sna Náisiúin Aontaithe leis an 17 Sprioc Forbartha Inbhuanaithe (SFInna) in 2015 mar chuid de Chlár Oibre d'Fhorbairt Inbhuanaithe, inar leagadh amach plean 15 bhliain chun na cuspóirí a chomhlíonadh.

***Éagsúlacht agus Ionchuimsitheacht*** - déanfar gach iarracht a chinntiú go dtugtar léargas i ngach imeacht agus tionscadal, a chuirtear i gcrích mar chuid de sheachadadh an phlean seo, ar éagsúlacht shóisialta agus chultúrtha an Chontae agus go bhfuil siad inrochtana do gach duine.

***Coinbhinsiún Aarhus*** - Coinbhinsiún UNECE (Coimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip) maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas i gCúrsaí Comhshaoil.

Cuirfear na prionsabail seo san áireamh i rith gach céim de chur chun feidhme an Phlean Oidhreachta.




Seoladh Taispeántais dar dteideal *Threading the Táin* san Aitriam, Áras an Chontae, Lúnasa 2022

## Fóram Oidhreachta na hIarmhí

Is grúpa neamhreachtúil é Fóram Oidhreachta na hIarmhí a bhunaigh Comhairle Contae na hIarmhí chun comhairle, tacaíocht agus comhpháirtíocht a sholáthar i ndáil le hullmhú agus cur chun feidhme an Phlean Oidhreachta. Bíonn cruinniú ag baill an fhóraim gach ráithe agus is deis iad na cruinnithe seo chun faisnéis a mhalartú, comhpháirtíochtaí a bhunú agus cláir agus tionscadail oidhreachta a phlé. Seo a leanas sonraí bhaill reatha an fhóraim:

| Ainm | Cumann | Earnáil |
|---|---|---|
| Louise Heavin - Cathaoirleach | Comhairleoir Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain | Rialtas Áitiúil |
| Tom Farrell | Comhairleoir Ceantar Bardasach Bhaile Átha Luain | Rialtas Áitiúil |
| Orla McGann | Pleanálaí Feidhmiúcháin Sinsearach Chomhairle Contae na hIarmhí (WCC) | Údarás Áitiúil |
| Triona Finnen | An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) | Roinn Rialtais |
| Nicola Matthews | An Roinn Tithíochta, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil | Gníomhaireacht Rialtais |
| David Webster | Teagasc | Gníomhaireacht Rialtais |
| Martin Moffatt | Iascach Intíre Éireann (IFI) | Gníomhaireacht Rialtais |
| Bernie Leavy | Forbairt Pobail na hIarmhí (WCD) | Forbairt Áitiúil |
| Seamus O'Brien | Cumann Náisiúnta Príomhoidí agus Príomhoidí Tánaisteacha (NAPD) | Oideachas |
| Paddy Donnelly | Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann (IFA) | Talmhaíocht |
| Ruth Illingworth | Cumann Seandálaíochta agus Staire na hIarmhí | Grúpa Oidhreachta |
| Tom O'Callaghan | Cairde Éanlaith Éireann | Grúpa Oidhreachta |
| Basil Mannion / Cathal Flood | Oifigeach Ceantair Áitiúil Uisce agus Pobal (LAWCO) | Pobal |
| Mary Fallon | Líonra Rannpháirtíochta Poiblí (PPN) Pobal Cheantar Bardasach an Mhuilinn Chearr | Pobal |
| Seamus McDermott | Líonra Rannpháirtíocht Poiblí (PPN) Pobal Cheantar Bardasach Bhaile Átha Luain | Pobal |
| Aidan Walsh | Earnáil na Músaem - seandálaíocht | Pobal |
| Melanie McQuade | Oifigeach Oidhreachta | Údarás Áitiúil |
| Benan Clancy | Oifigeach Caomhantais Ailtireachta Údarás Áitiúil | Local Authority |
| Christina Sweeney | Oifigeach Bithéagsúlachta | Údarás Áitiúil |

# Modh forbartha Phlean Oidhreachta na hIarmhí

**Comhairliúchán Réamhdhréachta*:**
**4 Chruinniú Poiblí; 2 Chruinniú ar Zoom; tairseach chomhairliúcháin; survey monkey; téacs scríofa**

↓

**Aighneachtaí athbhreithnithe**
**& Dréachtphlean forbartha**

↓

**Comhairliúchán maidir le Dréachtphlean**

↓

**Plean leasaithe agus curtha i gcrích**

↓

**Scagadh AA ar an bPlean**

**An Plean glactha ag Comhairle Contae na hIarmhí**

*Rinneadh an comhairliúchán réamhdhréachta i rith Shamhradh na bliana 2022. Bhí an chéim sin den chomhairliúchán dírithe ar an bPlean Oidhreachta agus ar an bPlean Bithéagsúlachta. San Fhómhar in 2022, fógraíodh Clár an Oifigigh Bithéagsúlachta agus beidh an tOifigeach Bithéagsúlachta freagrach as Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlacht an Chontae a ullmhú agus a chur chun feidhme. I ndiaidh fhógairt an Phlean seo, cinneadh leanúint ar aghaidh le húsáid a bhaint as na Pleananna Oidhreachta agus Bithéagsúlachta aonair agus cuireadh ullmhú an Phlean Bithéagsúlachta ar atráth go dtí go gceapfar an tOifigeach Bithéagsúlachta.

## Conas a oibreoidh an Plean Oidhreachta?

- Oibreoidh an tOifigeach Oidhreachta le Fóram Oidhreachta na hIarmhí chun an Plean a sholáthar.
- Cuirfear plean oibre bliantúil i dtoll a chéile chun cur chun feidhme an Phlean Straitéisigh a threorú.
- Bainfear tairbhe as tuilleadh comhoibrithe i ndáil leis an bPlean Oidhreachta a chur chun feidhme trí úsáid a bhaint as cláir rannpháirtíochta, faisnéis agus promóisean a bheidh á éascú ag an Oifigeach Caomhantais Ailtireachta (a thugann treoir maidir le Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha agus Ciste na nDéanmhas Stairiúil agus a thugann comhairle maidir le Déanmhas Cosanta agus foirgnimh stairiúla), an tOifigeach Bithéagsúlachta, Leabharlanna na hIarmhí agus an tOifigeach Turasóireachta.
- Is acmhainn fhíorluachmhar í an obair atá á déanamh ag pobail áitiúla agus ag daoine aonair, ar bhonn deonach go minic, mar aon le príomhghníomhaí na gníomhaíochta oidhreachta san Iarmhí. Gné riachtanach de chur chun feidhme an Phlean é comhoibriú agus tacaíochtaí don earnáil seo a neartú.
- San áireamh sna hacmhainní airgeadais atá ar fáil chun an Plean a sholáthar tá foráil bhuiséid Chomhairle Contae na hIarmhí agus deiseanna maoinithe seachtracha cosúil le Scéimeanna Deontais na Comhairle Oidhreachta, an Ciste Séadchomharthaí Pobail agus Clár Éire Ildánach. Scrúdófar deiseanna maoinithe náisiúnta agus/nó AE eile, i gcomhar seans le comhpháirtithe réigiúnacha agus/nó trasteorann.
- Tuairisceofar maidir leis na Táscairí Feidhmíochta ar bhonn bliantúil.
- Déanfar measúnú ar an bPlean Oidhreachta ag deireadh thréimhse an phlean (2030).

# AIDHM

**Feasacht agus meas ar Oidhreacht an Chontae a mhéadú agus í a chosaint don ghlúin reatha agus do na glúnta amach anseo.**

# FÍS

**A chinntiú go bhfuil an Plean Oidhreachta seo ag freastal ar gach duine atá ina gcónaí san Iarmhí, go dtacaíonn sé le hacmhainn a fhorbairt san earnáil oidhreachta trí chéile agus go gcinntíonn sé go ndéantar ár nOidhreacht a cheiliúradh ar bhealach oiriúnach agus a bhainistiú go cúramach.**



***Grianghraf:*** Imeacht na Seachtaine Oidhreachta, Portach Chluain Cró 20212021

# Cuspóirí agus Gníomhartha

Tá ceithre chuspóir straitéiseacha bunaithe agus tá sraith gníomhaíochtaí leagtha amach faoi gach cuspóir chun cur chun feidhme an Phlean a threorú. Tá táscairí feidhmíochta luaite le gach gníomhaíocht, a úsáidfear chun monatóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme an phlean.

Is iad seo a leanas na cuspóirí:

**Cuspóir 1** Níos mó feasachta agus measa ar ár nOidhreacht a spreagadh agus tacú lena leithéid

**Cuspóir 2** Cur leis an méid atá ar eolas againn, scileanna a fhorbairt, taighde níos doimhne a dhéanamh agus teacht ar thuiscint níos fearr ar ár n-oidhreacht

**Cuspóir 3** Protect and safeguard our County's Heritage

**Cuspóir 4** A chinntiú go bhfuil ár nOidhreacht inrochtana agus ionchuimsitheach



Mórshiúl *An Táin* i mBaile Átha Luain 2022

# Cuspóir 1

**Níos mó feasachta agus measa ar ár nOidhreacht a spreagadh agus tacú lena leithéid**

| | Gníomhaíochtaí beartaithe | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| 1. | Cur le feasacht daoine ar ár nOidhreacht, lena n-áirítear torthaí taighde nua, trí gach modh oiriúnach. | Roinnt Preasráiteas, postálacha meán sóisialta agus seoltaí poist. Ábhar oidhreachta ar shuíomhanna gréasáin Chomhairle Contae na hIarmhí / *Westmeath Culture* nuashonraithe. |
| 2. | Comhoibriú le comhghleacaithe agus comhpháirtithe seachtracha lena n-áirítear LAWPRO, An Chomhairle Oidhreachta agus Líonra Bailte Múrtha na hÉireann (IWTN) chun próifíl ár n-oidhreachta a mhéadú. | Comhoibriú lena chéile maidir le teachtaireachtaí agus cumarsáid más cuí. |
| 3. | Leanúint ar aghaidh leis an bPlean Uile-Éireann um Pailneoirí a chur chun feidhme mar chuid dár gcomhaontú comhpháirtíochta leis an Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta. Tacú leis seo agus é a chur chun cinn mar aon le príomhthionscnaimh eile lena n-áirítear Straitéis Éire Ildánach, 'Clár Oidhreachta Scoileanna' na Comhairle Oidhreachta agus pleananna agus cláir ábhartha eile a fhorbraítear i rith shaolré an Phlean. | Cuirfear Gníomhaíochtaí Pailneora Chomhairle Comhairle Contae na hIarmhí faoi bhráid an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta gach bliain. Tionscaimh a cuireadh chun cinn agus ar tacaíodh leo; An líon scoileanna atá páirteach in "Clár Oidhreachta Scoileanna" na Comhairle Oidhreachta. |
| 4. | Tacú le himeachtaí oidhreachta agus aschuir dhigiteacha agus iad a eagrú agus a chur chun cinn, i gcomhar lenár bpobail áitiúla, agus béim ar leith a leagan ar phríomhimeachtaí féilire náisiúnta agus áitiúla lena n-áirítear an tSeachtain Oidhreachta, Oíche Chultúir etc. | An líon imeachtaí oidhreachta agus/nó aschur digiteach eagraithe gach bliain agus a dtacaítear leo gach bliain. Déanfar rannpháirtíocht/rannpháirteachas agus aiseolas a thomhas, más féidir. |
| 5. | Leanúint ar aghaidh ag obair ar Chainéil Meán Sóisialta Oidhreacht na hIarmhí. Deiseanna nua agus bealaí nuálacha a aimsiú agus a úsáid chun teagmháil agus cumarsáid a dhéanamh le daoine i ndáil lenár nOidhreacht agus iarracht a dhéanamh dul i bhfeidhm ar spriocphobail nua. | Úsáideadh samhlacha nua cumarsáide agus rannpháirtíochta sa chomhthéacs oidhreachta. Déanfar rannpháirtíocht/ rannpháirteachas agus aiseolas a thomhas, más féidir. |
| 6. | Tacú le Turasóireacht Oidhreachta atá inbhuanaithe agus oiriúnach. | Tacaíocht tugtha do thionscnaimh Oidhreachta Turasóireachta atá inbhuanaithe agus oiriúnach. theaghlaigh. |

# Cuspóir 2

**Cur leis an méid atá ar eolas againn, scileanna a fhorbairt, taighde níos doimhne a dhéanamh agus teacht ar thuiscint níos fearr ar ár n-oidhreacht**

| | Gníomhaíochtaí beartaithe | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| 1. | Díriú ar bhearnaí san eolas agus na sonraí bonnlíne a fhorbairt trí thacú le agus tabhairt faoi thionscadail a bhfuil sé mar aidhm leo gnéithe dár n-oidhreacht éagsúil a shainaithint, a thaifeadadh agus taighde a dhéanamh orthu. | Roinnt tionscadal críochnaithe; sonraí bailithe faoi ghnéithe difriúla dár n-oidhreacht. |
| 2. | Obair a dhéanamh chun sonraí agus torthaí taighde nua faoi Oidhreacht na hIarmhí a fhoilsiú agus a scaipeadh. | Tuarascálacha/tacair sonraí curtha ar fáil i Rannóg Staidéar Áitiúil na Leabharlainne; ar líne agus/nó foilsithe (mar is cuí). |
| 3. | Tacú le daoine aonair agus le pobail chun scrúdú, taifeadadh agus doiciméadú a dhéanamh ar ár n-oidhreacht trí chúrsaí oiliúna agus treoir shaineolach a chur ar fáil. | An líonn deiseanna oiliúna/meantóireachta curtha ar fáil ar leibhéal áitiúil agus/nó contae. |
| 4. | Aitheantas a thabhairt don ról ríthábhachtach atá ag oibrithe deonacha i ngrúpaí Oidhreachta, tacú le forbairt grúpaí Oidhreachta áitiúla trí dhíriú ar líonrú, forbairt acmhainne agus comhroinnt eolais. | Imeacht oidhreachta bliantúil a eagrú a spreagann comhroinnt eolais, líonrú agus forbairt acmhainne. |
| 5. | Aitheantas a thabhairt do shuntas ailtireachta Scileanna agus Cleachtas Traidisiúnta, cosúil le scileanna tógála agus ceirdeanna dúchasacha, agus doiciméadú agus roinnt na scileanna seo a spreagadh. | An líon Scileanna Traidisiúnta doiciméadaithe agus an líon ceardlann eagraithe. |



Cuireadh maoiniú ar fáil do 'Athtuíodóireacht Clonaboy 2022' ó Scéim Infheistíochta na hOidhreachta Tógtha

# Cuspóir 3

**Oidhreacht ár gContae a chosaint**

| | Gníomhaíochtaí beartaithe | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| 1. | Ionchur agus comhairle a sholáthar i ndáil le beartas, pleananna agus cláir chontae agus réigiúnacha ábhartha, nó ar dócha a mbeidh tionchar acu, ar Oidhreacht lena n-áirítear Oiriúnú don Athrú Aeráide, URDF, RRDF, ERDF, an Ciste um Aistriú Cóir, Tús Áite do Lár Bailte agus scéimeanna eile a d'fhéadfaí a fhorbairt i rith shaolré an Phlean. | Breithniú déanta ar oidhreacht agus oidhreacht curtha san áireamh i mbeartais, pleananna agus cláir más cuí. |
| 2. | Oibriú i ndlúthchomhar leis an Oifigeach Bithéagsúlachta, an tOifigeach um Ghníomhú ar son na hAeráide, an tOifigeach Caomhantais Ailtireachta agus páirtithe seachtracha ábhartha d'fhonn a chinntiú gur príomhbhreithniúcháin i ngach Tionscadal agus Cumarsáid Ailtireachta iad Bithéagsúlacht agus Oiriúnú don Athrú Aeráide. | Breithniúchán déanta ar Bhithéagsúlacht agus Oiriúnú don Athrú Aeráide agus bearta cuí curtha san áireamh i dTionscadail agus Cumarsáid Oidhreachta. |
| 3. | Comhoibriú i ndáil le cur chun feidhme Phlean Bithéagsúlachta na hIarmhí agus Phlean Gníomhaithe ar son na hAeráide na hIarmhí agus tacú le cur chun feidhme Phleananna don Oidhreacht Thógtha agus Sheandálaíoch agus Pleananna Oiriúnaithe Earnála Athraithe Aeráide. | Gníomhartha ábhartha ó Phlean Bithéagsúlachta na hIarmhí (le teacht) agus an Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide sainaitheanta agus curtha chun feidhme. |
| 4. | Oibriú le cosantóirí na hoidhreachta (láithreáin, oibiachtaí, ábhar cartlainne agus oidhreacht dholáimhsithe) faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach, agus faoi chúram pobal d'fhonn a chinntiú go ndéantar cúram agus bainistíocht mar is cuí ar ár n-oidhreacht. | Comhairle curtha ar úinéirí agus ar chosantóirí maidir le cúram agus bainistíocht oidhreachta dea-chleachtais. |
| 5. | Pleananna Bainistíochta Caomhantais a ullmhú do phríomhláithreáin oidhreachta agus séadchomharthaí agus Pleananna Bainistíochta Caomhantais a chur chun feidhme bunaithe ar riachtanais tosaíochta. (Go dtí seo tá Pleananna Bainistíochta Caomhantais ullmhaithe do Theach, Gairdíní agus Páirc Belvedere; Balla Bhaile Átha Luain; Bataire Gunna Uimh. 1, Baile Átha Luain; Teach Chúirt Dhaimhinse, Baile Átha Luain; Folcadán agus Muileann Fheichín, Baile Fhobhair; cóir chosanta Bhaile Fhobhair, láithreáin séipéil agus reilige i gCill Áir, Baile Ghrífín, Caisleán Loiste agus Cill Phádraig. | Roinnt Pleananna Bainistíochta Caomhantais ullmhaithe, agus tionscadal caomhantais curtha i gcrích. |
| 6. | Clár cothabhála a fhorbairt agus na hacmhainní cuí a chur ar fáil dó agus díriú ar láithreáin ina bhfuil oibreacha caomhantais curtha i gcrích. | Obair chothabhála curtha i gcrích i gcomhar leis na comhpháirtithe ábhartha. |

# Cuspóir 3

**Oidhreacht ár gContae a chosaint**

| | Gníomhaíochtaí beartaithe | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| **7.** | Oibriú le comhpháirtithe ábhartha agus le húinéirí príobháideacha chun ceadanna cuí a fháil, maoiniú a aimsiú agus oibreacha oiriúnacha a chur i gcrích, de réir dea-chleachtais agus seasmhacht aeráide a fhorbairt, chun Foirgnimh Stairiúla, Séadchomharthaí Seandálaíocha (reiligí stairiúla san áireamh) agus oibiachtaí Oidhreachta a chosaint. | Roinnt tionscadal maoinithe agus curtha chun feidhme de réir dea-chleachtais. |
| **8.** | Leanúint ar aghaidh ag obair leis na comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun obair a dhéanamh ag láithreáin Ríoga na hÉireann, (Ráth Eamhain Mhacha in Ard Mhacha, Ráth Cruachan i Ros Comáin, Teamhair sa Mhí, Dún Ailinne i gCill Dara, Carraig Phádraig i dTiobraid Árann agus Cnoc Uisnigh san Iarmhí) ar mhaithe le hainmniúchán a fháil ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO. | Rinneadh obair ag na láithreáin Ríoga mar chuid den phróiseas chun ainmniúchán a fháil ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO. |
| **9.** | Tacú le bainistíocht agus rochtain ar chartlanna atá i seilbh Chomhairle Contae na hIarmhí agus iarracht a dhéanamh Cartlannaí a cheapadh. | Tá cartlannaí gairmiúil ag obair ar na bailiúcháin chartlainne atá i seilbh Chomhairle Contae na hIarmhí, faoi réir tacaíocht mhaoinithe náisiúnta a fháil. |




Eagraíocht cuairt láithreáin, i rith na n-oibreacha caomhantais ag 'Ospidéal na Lobhar' i gCill Bhiscí

# Cuspóir 4

**A chinntiú go bhfuil ár nOidhreacht inrochtana agus ionchuimsitheach**

| | Gníomhaíochtaí beartaithe | Táscairí Feidhmíochta |
|---|---|---|
| **1.** | Ceiliúradh agus scrúdú a dhéanamh ar oidhreacht gach pobal. | Cláir ionchuimsitheacha. |
| **2.** | Pobail agus daoine a spreagadh agus tacú leo chun tionscadail oidhreachta (oiriúnacha) a fhorbairt agus chun maoiniú a fháil dóibh. | Roinnt Tionscadal Oidhreachta forbartha agus maoinithe. |
| **3.** | Breis inrochtaineachta ag láithreáin Oidhreachta a spreagadh agus oibriú le comhpháirtithe ábhartha chun é seo a éascú más cuí agus inbhuanaithe. | Breis inrochtaineachta spreagtha más cuí agus inbhuanaithe. |
| **4.** | Labhairt leis an Oifigeach Turasóireachta agus le gach páirtí ábhartha, lena n-áirítear gairmithe oiriúnacha, chun taighde a dhéanamh ar agus rochtain inbhuanaithe do chuairteoirí, conairí oidhreachta agus faisnéis bheacht maidir le láithreáin Oidhreachta a fhorbairt. | Roinnt Conairí Oidhreachta forbartha, rochtain inbhuanaithe agus tuilleadh faisnéise forbartha i gcomhar le comhpháirtithe agus gairmithe ábhartha. |
| **5.** | Oibriú le comhpháirtithe agus gairmithe ábhartha chun léirmhíniú Oidhreachta, cruinn agus oiriúnach, a fhorbairt agus d'fhéadfaí comharthaíocht, foilseacháin agus/nó léirmhíniú digiteach a fhorbairt freisin mar shampla. | Comharthaí/foilseacháin oidhreachta agus léirmhíniú oidhreachta digiteach forbartha le hionchur gairmiúil. |
| **6.** | Scrúdú agus forbairt a dhéanamh ar acmhainní digiteacha chun tacú le rochtain agus léirmhíniú níos fearr ar ár n-oidhreacht lena n-áirítear digitiú doiciméad agus cartlann, samhaltú digiteach etc. | Roinnt tionscadal oidhreachta digiteach forbartha, agus roinnt doiciméad digitithe. |
| **7.** | A chinntiú go bhfuil faisnéis a ghintear tríd an bplean seo agus pleananna roimhe seo a chur chun feidhme ar fáil do gach duine in áiteanna éagsúla. | Roinnt tuarascálacha agus tacar sonraí curtha ar fáil. |



***Grianghraf:*** Imeacht na Seachtaine Oidhreachta i mBaile Fhobhair, 2022

# *Aguisín 1* - Gluais

**CARO**
Oifig Réigiúnach um Ghníomhú ar son na hAeráide

**ERDF**
Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa

**IWTN**
Líonra Bailte Múrtha na hÉireann na Comhairle Oidhreachta

**LAWPRO**
Clár Uiscí Údaráis Áitiúil

**NBDC**
An tIonad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta

**RRDF**
An Ciste um Athnuachan Forbairt Tuaithe

**UNESCO**
Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúir na Náisiún Aontaithe

**URDF**
An Ciste um Athghiniúint agus Forbairt Uirbeach

**Dúchasach**
Deartha chun freastal ar riachtanais áitiúla, trí úsáid a bhaint as ábhair atá ar fáil agus a thugann léargas ar thraidisiúin áitiúla.



Rannpháirtithe sa cheardlann aithinte Féileacáin, Cúil Iúir, Meitheamh 2022

# *Aguisín 2 -*

## Athbhreithniú ar Ghníomhartha Phlean Oidhreachta Chontae na hIarmhí 2018-2023

| Gníomh | *Cuspóir 1:* **Feasacht a mhúscailt faoi oidhreacht na hIarmhí agus cur lenár dtuiscint ar luach na hoidhreachta sin** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **1.1** | Eolas a scaipeadh faoi gach gné d'oidhreacht an chontae trí úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí digiteacha, trí na meáin shóisialta agus gach modh oiriúnach. | Cur chun feidhme leanúnach trí Nuachtlitreacha na hOifige Oidhreachta agus na meáin shóisialta (Leathanach Facebook Oidhreacht na hIarmhí, X agus Instagram). Samhlacha digiteacha de Láithreáin & Gnéithe Oidhreachta cruthaithe – Ardchros Bhéal Linne 2018; Conair Chré-umhaoise Mhaighne 2021; Ardchros an Dísirt, Cloigeann Snoite Bhaile Átha Luain, bloghanna ailtireachta an Bhaile Mhóir, taobhchrosanna Bhealach Ráth Ghuaire, Ardchros Raitin 2022.<br>Ag tacú le hAmharcóir Mapaí Oidhreachta na Comhairle Oidhreachta a chur ar fáil- www.heritagemaps.ie |
| **1.2** | Tacú le agus comhdhálacha, cainteanna, seimineáir agus imeachtaí a eagrú faoi théamaí oidhreachta a bhaineann le caomhnú agus cur chun cinn oidhreacht na hIarmhí. | Comhairle maidir le cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla 2018; Caint faoi bhealach Táin Bó Cuailgne san Iarmhí 2019; Cúrsaí oiliúna d'fhoireann WCC maidir le haithint agus bainistíocht Speiceas Coimhthíoch Ionrach Plandaí, Comhairle maidir le grianghraif teaghlaigh a chartlannú 2023. |
| **1.3** | Tacú le hinrochtaineacht trí imeachtaí poiblí a óstáil agus tacú leo ag láithreáin oidhreachta, láithreáin faoi úinéireacht phoiblí agus phríobháideach araon. | Turas na Seachtaine Oidhreachta ar Bhalla Bhaile Átha Luain lena n-áirítear ar chodanna de thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach; Ceardlann aithinte Féileacáin, Leabharlann Bhaile na gCros agus Cúil Iúir; Siúlóidí Ialtóg; Imeachtaí a bhfuil an tSeachtain Oidhreachta ag tacú leo ar thailte faoi úinéireacht phríobháideach; e.g. Cnoc Aiste, Tulaigh an Eallaigh, Cnoc Uisnigh |
| **1.4** | Tacú le níos mó feasachta ar gach gné den oidhreacht trí rannpháirtíocht i gcláir agus in imeachtaí náisiúnta cosúil leis an tSeachtain Oidhreachta, Lá an Uisce, an Lá Bithéagsúlachta, Seachtain na gCrann, Deich mBliana na gCuimhneachán Éire Ildánach agus imeachtaí oiriúnacha eile a d'fhéadfaí a eagrú i rith shaolré an Phlean. | Cur chun feidhme leanúnach e.g. Imeachtaí Lá Domhanda na mBogach; imeachtaí don tSeachtain Bhithéagúlachta; an tSeachtain Oidhreachta; imeachtaí Deich mBliana na gCuimhneachán 2018-2023.<br>Thacaigh Éire Ildánach le Cúrsaí Oiliúna sa Stairsheanchas; Iniúchadh ar an Stairsheanchas san Iarmhí; Cruthú na Taipéise dar teideal 'Threading the Táin'; imeachtaí Seanchais; |


| Gníomh | *Cuspóir 1:* **Feasacht a mhúscailt faoi oidhreacht na hIarmhí agus cur lenár dtuiscint ar luach na hoidhreachta sin** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **1.5** | Tacú le rannpháirtíochta i gcláir múscailte feasachta oidhreachta do scoileanna, cosúil le clár *Oidhreacht i Scoileanna* na Comhairle Oidhreachta agus tionscnaimh chosúla eile. | Cur chun feidhme leanúnach, Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúrtha 2018 – Comórtas Ealaíne do Bhunscoileanna agus tabharfaidh 'the Big Dig' cuairt ar scoil an bhuaiteora. Chomh maith leis sin, maoiníodh cuairteanna Speisialtóirí Oidhreachta i Scoileanna chuig roinnt scoileanna in 2022. |
| **1.6** | Tacú le Plean Uile-Éireann um Pailneoirí 2015-2020 agus é a chur chun cinn (agus aon leasú a dhéantar ar an bplean ina dhiaidh sin). | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. Chláraigh Comhairle Contae na hIarmhí mar chomhpháirtí sa Phlean in 2019 agus tuairiscítear gníomhartha na Comhairle ar bhonn bliantúil. |
| **1.7** | Tacú le agus obair a dhéanamh chun seirbhís oideachais bithéagsúlachta a chur ar fáil sa réigiún. | Ar siúl go leanúnach – soláthar trí Oidhreacht i Scoileanna agus Scoileanna Glasa. |
| **1.8** | Tacú leis an Oifig Uisce agus Pobal Údaráis Áitiúil (LAWCO) agus oibriú le foireann na hoifige chun rannpháirtíocht an phobail chun cabhrú lenár gcáilíocht uisce a fheabhsú a spreagadh. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |




Taispeáint an scannáin 'Memories of the Big House', Tuar Ard, An Móta 2022

| Gníomh | *Cuspóir 2:* **Oidhreacht na hIarmhí a thaifeadadh agus sonraí a scaipeadh** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **2.1.** | Iniúchadh a dhéanamh ar shuirbhéanna/fardail oidhreacht na hIarmhí atá forbartha cheana. Díriú ar bhearnaí san eolas trí chlár tosaíochta a fhorbairt do thaighde agus suirbhéanna, i gcomhpháirt le comhlachtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta. Más féidir, sonraí suirbhé ábhartha ginte trí thionscadail phoiblí a thiomsú agus a chur ar fáil. | Iniúchadh ar thaifeadtaí Reilige 2018; Suirbhé ar an Oidhreacht Thionsclaíoch 2019 (suirbhé deisce agus allamuigh spriocdhírithe 2020); taifeadadh Stairsheanchais de sheantionscail (2019); Suirbhé ar Bhogaigh; deasc (2019); suirbhéanna allamuigh (2020- 23); Suirbhé ar Fhoirgneamh Ceann Tuí san Iarmhí 2021; Taifeadadh pobail ar gheataí iarann buailte 2023. |
| **2.2.** | Iniúchadh a dhéanamh ar Láithreáin Gheolaíocha an Chontae i gcomhpháirt le Suirbhéireacht Gheolaíochta Éireann (GSI), agus na torthaí a úsáid mar bhonn leis an tslí is fearr chun geoláithreáin agus oidhreacht gheolaíoch a chur chun cinn, a chaomhnú agus a fhorbairt san Iarmhí. | Suirbhé ar Oidhreacht Gheolaíoch 2018; |
| **2.3.** | Tionscadail a fhorbairt a thaifeadann cuimhneacháin i reiligí stairiúla agus tacú leo, de réir dea-chleachtais agus teicneolaíochtaí ábhartha a úsáid más cuí. | Cúrsaí oiliúna tairgthe in 2018 agus maoiniú curtha ar fáil chun cuimhneacháin i Reilig Eoin, An Baile Mór a thaifeadadh; https://historicgraves.com/graveyard/st-owen-s-ballymore/wm-bmre |
| **2.4.** | Tionscnamh a bhunú agus a fhorbairt chun ainmneacha páirce a thaifeadadh i gcomhpháirt le pobail áitiúla. | Cuireadh tús leis mar Thionscadal Píolótach in 2018 agus leanadh ar aghaidh leis an tionscadal in 2019; 2020; 2021; 2022; 2023. |
| **2.5.** | Tacú le rannpháirtíocht daoine aonair agus pobal chun sonraí oidhreachta de gach cineál a thaifeadadh (nádúrtha, tógtha, cultúrtha, inláimhsithe agus doláimhsithe) trí fhaisnéis, treoir agus oiliúint struchtúrtha a chur ar fáil. | Cúrsaí Oiliúna sa Stairsheanchas curtha ar fáil in 2020; Ceardlann Aithinte Féileacáin agus oiliúint dírithe ar shuirbhé a dhéanamh ar líontáin Fritileán Réisc in 2022. |
| **2.6.** | A chinntiú go bhfuil aon fhaisnéis ginte trí chur chun feidhme an phlean seo, Pleananna Oidhreachta roimhe seo agus Plean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta (2014-2020) inrochtana agus ar fáil go forleathan. | Tuarascálacha uaslódáilte chuig an suíomh gréasáin agus, más cuí, cóipeanna crua curtha ar fáil do Rannóg Staidéar Áitiúil Leabharlann na hIarmhí. |

| Gníomh | *Cuspóir 2:* **Oidhreacht na hIarmhí a thaifeadadh agus sonraí a scaipeadh** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **2.7.** | Tacú le agus dea-chleachtas i dtaighde, tiomsú agus ullmhú leabhar, póstaer agus bileog faoi ghnéithe éagsúla d'oidhreacht na hIarmhí a spreagadh. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach e.g. lena n-áirítear Treoracha Oidhreachta Sheandálaíocht Éireann go dtí Bealach Táin Bó Cuailgne i gCo. na hIarmhí agus i gCo. na Mí, Caisleán Bhaile Átha Luain agus Cnoc Uisnigh. |
| **2.8.** | Iarracht a dhéanamh oibriú le comhpháirtithe chun taifid stairiúla a dhigitiú agus iad a chur ar fáil más féidir/más cuí. | Digitíodh rogha de Chartlann Thulaigh an Eallaigh, claonchlónna diúltacha gloine ó Bhailiúchán Howard-Bury, miontuairiscí Aontas an Mhuilinn Chearr 1913-1921, Chomhairle Contae na hIarmhí 1912 – 1924 agus Choimisinéirí Baile an Mhuilinn Chearr 1908-1923 agus cuireadh iad seo ar fáil i Rannóg Staidéar Áitiúil Leabharlanna na hIarmhí. |



Íomhá LiDAR de Chnoc Uisnigh, maoinithe ag Ciste Séadchomharthaí Pobail 2020 © Bluesky World

| Gníomh | *Cuspóir 3:* **Tacú le dea-chleachtas i gCaomhnú agus bainistíocht oidhreachta** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **3.1.** | Tacú le cur chun feidhme gníomhartha i bPlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta 2014-2020 (BAP) Chontae na hIarmhí agus tacú le hathrú agus le nuashonrú an phlean seo nuair is gá. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. Cuireadh tús le comhairliúchán faoi Phlean nua 2022 agus cuirfidh ceapachán Oifigigh Bithéagsúlachta in 2023 dlús leis seo. |
| **3.2.** | Tacú le hullmhú Pleananna Bainistíochta Gnáthóg ag láithreáin Natura 2000 agus ag láithreáin ábhartha eile sa chontae. | Plean Bainistíochta Gnáthóg ullmhaithe do thailte faoi úinéireacht na Comhairle ag Loch Ainninn, Plean Feabhsaithe Bithéagsúlachta ullmhaithe do thailte faoi úinéireacht na Comhairle ag Cúil Iúir, Kerinstown/Balrowan, Raghnallach, An Bogán Fionn agus An Coillín Mór. |
| **3.3.** | Tacú le caomhnú agus forbairt oidhreacht ailtireachta an Chontae trí shaineolas cuí a bheidh á chur ar fáil ag Comhairle Contae na hIarmhí. | Oifigeach Oidhreachta Caomhantais Ailtireachta ceaptha in 2023. |
| **3.4.** | Pleananna caomhantais agus bainistíochta ullmhaithe go dtí seo a chur chun feidhme (Plean Caomhaontais Bhallaí agus Chóir Chosanta Bhaile Átha Luain, Staidéar Bainistíochta *Limistéar Oidhreachta Speisialta Bhaile Fhobhair)* agus pleananna eile a chuirfear i gcrích laistigh de shaolré an Phlean. Oibriú le páirtithe leasmhara, lena n-áirítear úinéirí talún, chun tacú le hullmhú pleananna bainistíochta caomhantais do phríomhláithreáin lena n-áirítear, ach ní bhaineann go heisiach le Cill Bhiscí agus Baile Átha an Urchair. | Rinneadh oibreacha caomhantais ar Bhalla Bhaile Átha Luain 2020-23.<br>Cuireadh obair i gcrích le Grúpaí Oidhreachta agus úinéirí talún chun Pleananna Caomhantais a chur chun feidhme do Bhataire Gunna Uimh. 1; 'Ospidéal Lobhar' Chill Bhiscí; Séipéal Eoin, An Baile Mór; Túrtheach Monasset; An Seanphríosún, Baile Fhobhair; Folcadán Fheichín, Baile Fhobhair. Céim 1 d'oibreacha caomhantais curtha i gcrích ag Séipéal Chill Fraoigh, Baile na gCros, Seanteach Chúirt Dhaimhinse, Baile Átha Luain agus Séipéal Theampall na Croise, Triostarnach.<br>Pleananna caomhantais ullmhaithe do Chnoc Uisnigh; Teach, Gairdíní agus Páirc Belvedere; Cóir Chosanta Baile i mBaile Fhobhair, Folcadán agus Muileann Fheichín, Baile Fhobhair, mar aon le láithreáin Séipéil agus reilige i mBaile Ghrífín, Cill Áir, Caisleán Loiste agus Cill Phádraig (in aice le Baile na gCailleach). |

| Gníomh | *Cuspóir 3:* **Tacú le dea-chleachtas i gCaomhnú agus bainistíocht oidhreachta** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **3.5** | Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara chun breithniú a dhéanamh ar thograí agus chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le hobair a dhéanamh chun limistéir chaomhantais dúlra agus tionscadail rochtana bithéagsúlachta a fhorbairt ag príomhláithreáin cosúil le hAbhantrach na hEithne, agus breithniú a dhéanamh freisin ar oidhreacht shaibhir sheandálaíoch agus chultúrtha an cheantair seo. | Ar siúl go leanúnach; scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht a bhaineann le Bithsféar UNESCO Loch Rí a fhorbairt i gcomhar le NPWS agus Údaráis Áitiúla chomharsanacha. |
| **3.6** | Oibriú le páirtithe leasmhara ábhartha chun úsáidí malartacha oiriúnacha foirgneamh agus struchtúr oidhreachta folmha a spreagadh. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |
| **3.7** | "Sraith straitéisí" a fhorbairt a bheidh le húsáid ar leibhéal pobail agus gairmiúil ag bainisteoirí tionscadail oidhreachta chun éifeachtacht bainistíochta a mheas. | Ar siúl go leanúnach – gá le tuilleadh oibre. |
| **3.8** | Deis a thabhairt do pháirtithe leasmhara páirt a ghlacadh i gcúram agus caomhnú dea-chleachtais a chur chun feidhme i reiligí stairiúla agus séadchomharthaí seandálaíocha i gCo. na hIarmhí, agus béim ar leith a leagan ar na séadchomharthaí a bhfuil an riosca is mó luaite leo. | Cur chun feidhme leanúnach tríd an gCiste Séadchomharthaí Pobail agus sruthanna maoinithe oiriúnacha eile |
| **3.9** | Clár sócmhainní oidhreachta a fhorbairt do Chomhairle Contae na hIarmhí chun a chinntiú go bhfuil láithreáin agus bailiúcháin oidhreachta atá faoi chúram agus/nó faoi úinéireacht na Comhairle á mbainistiú agus á léirmhíniú go cuí agus go bhfuil siad inrochtana do gach duine. | Go leanúnach. Ciallaíonn an obair a rinneadh ar an Aip Visit Westmeath go bhfuil faisnéis ar fáil go héasca. |
| **3.10** | Leanúint ar aghaidh ag tacú le hUisneach a ainmniú mar cheann de Láithreáin Ríoga na hÉireann, trí mhodhanna cosúil leis an togra don ainmniúchán mar Láithreán Oidhreachta Domhanda UNESCO agus / nó tionscnaimh oiriúnacha eile. (Tá Láithreáin Ríoga na hÉireann ainmnithe ar Liosta Sealadach na hÉireann de réadmhaoin a ainmneofar amach anseo ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO). | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. I ndiaidh athbhreithniú iomlán a dhéanamh in 2020-1, ainmníodh na Láithreáin Ríoga ar Liosta Sealadach na hÉireann de réadmhaoin a ainmneofar ar Liosta Oidhreachta Domhanda UNESCO amach anseo. |

| Gníomh | *Cuspóir 3:* **Tacú le dea-chleachtas i gCaomhnú agus bainistíocht oidhreachta** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **3.11** | Oibriú leis na páirtithe leasmhara ábhartha ar fad chun scrúdú a dhéanamh ar agus tacú leis na modhanna agus bearta is oiriúnaí do chosaint, cur chun cinn agus léirmhíniú an bhóthair adhmaid agus conair Chré-umhaoise ag Portach Mhaighne. | Léirmhíniú Digiteach Chonair Phortach Mhaighne maoinithe tríd an gCiste Séadchomharthaí Pobail in 2020 agus ar fáil ar shuíomh gréasáin Chumann Seandálaíochta agus Staire na hIarmhí: http://whahs.ie/mayne-bog-trackway/ |
| **3.12** | Oibriú le príomhpháirtithe leasmhara i ndáil le cúram agus cothabháil na hoidhreachta tógtha i gCo. na hIarmhí trí threoir dea-chleachtais, tacú le hathghiniúint bunaithe ar oidhreacht, pleanáil na ríocht poiblí agus cur chun cinn scileanna tógála traidisiúnta. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |
| **3.13** | Comhpháirtithe a shainaithint a bhféadfaí sraith ceardlann & seisiún aistrithe scileanna i scileanna traidisiúnta cosúil le tógáil le moirtéal aoil, agus ceirdeanna dúchasacha, a fhorbairt agus a chur chun feidhme leo. | Ar siúl go leanúnach – tuilleadh forbartha le déanamh. Ceardlann faoi shníomh, déanamh ciseán agus lása oidhreachta reáchtáilte in 2023. |



Seat scáileáin de léirmhíniú digiteach ar Chonair Phortach Mhaighne maoinithe ag an gCiste Séadchomharthaí Pobail, 2021
http://whahs.ie/mayne-bog-trackway/ © Noho

| Gníomh | *Cuspóir 4:* **Tacú le taitneamh a bhaint as oidhreacht agus le hinrochtaineacht ar oidhreacht** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **4 .1.** | Má tá rochtain fhisiciúil teoranta, scrúdaigh teicneolaíochtaí nua chun teacht ar thuiscint ar chartlanna, oibiachtaí agus láithreáin oidhreachta i measc spriocphobail níos mó trí úsáid a bhaint as digitiú, samhaltú agus teicneolaíocht gaolmhara agus iad seo a chur ar fáil ar líne más féidir / más cuí. | Sraith samhlacha digiteacha de shéadchomharthaí agus gnéithe Seandálaíochta cruthaithe lena n-áirítear Ardchros Bhéal Linne agus Ardchrosanna eile, Scrín an Bhaile Mhóir, Cloigeann Bhaile Átha Luain agus Crosanna ar Thaobh Bealaigh Cill Liúcainne/Ráth Ghuaire; http://www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/planning/conservationheritage/heritageresources/<br>Suirbhé LiDAR ar Uisneach; https://dcenr.maps.arcgis.com/apps/webappviewer/index.html?id=b7c4b0e763964070ad69bf8c1572c9f5<br>Conair Phortach Mhaighne: http://whahs.ie/mayne-bog-trackway/ |
| **4.2.** | Oibriú leis an Oifigeach Turasóireachta agus le comhpháirtithe ábhartha eile chun liosta a fhoilsiú le mapaí tionlacain de láithreáin oidhreachta atá oscailte don phobal i gCo. na hIarmhí. | Go leanúnach. Léarscáil Bhaile Fhobhair leasaithe agus priontáilte; mapaí digiteacha r fáil ar Aip Visit Westmeath. |
| **4.3.** | Tacú le hiarrachtaí chun turasóireacht oidhreachta inbhuanaithe agus oiriúnach a chur chun cinn, agus dea-chleachtas caomhantais a chinntiú. Measúnacht Chuí a dhéanamh más gá, agus ionchur ó ghairmithe oiriúnacha a spreagadh ag gach céim, léirmhíniú san áireamh. | Go leanúnach. Cuireadh obair i gcrích leis an Oifigeach Turasóireachta chun Aip Visit Westmeath a chruth in 2020/1. |
| **4.4.** | Taighde a dhéanamh ar agus conairí oidhreachta a fhorbairt i gcomhpháirt leis an Oifigeach Turasóireachta agus grúpaí pobail, úinéirí talún agus príomhpháirtithe leasmhara/eagraíochtaí ábhartha eile. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |

| Gníomh | *Cuspóir 4:* **Tacú le taitneamh a bhaint as oidhreacht agus le hinrochtaineacht ar oidhreacht** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **4.5.** | Oibriú le hearnálacha ábhartha chun glasbhealaí/conairí siúil/conairí rothaíochta a fhorbairt chun a chinntiú go bhforbraítear a leithéid de thionscadail ar bhealach inbhuanaithe agus go dtapaítear gach deis chun aird a tharraingt ar a oidhreacht nádúrtha agus thógtha agus a léirmhíniú feadh bealaí den sórt seo. | Go leanúnach. Cuireadh obair i gcrích leis an Oifig Turasóireachta agus le NRDO chun Scéalchláir a fhorbairt feadh Ghlasbhealach Chonair an tSeaniarnróid 2020/1. |
| **4.5.** | Tacú le plé agus rannpháirtíocht idir na hearnálacha ealaíon, oidhreachta agus cultúrtha trí thionscnaimh cosúil le Éire Ildánach agus Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta na hIarmhí 2018–2022. | Go leanúnach. Tionscadal a bhain le Éire Ildánach ba ea 'Teacht agus Imeacht' a rinne ceiliúradh ar shaolré na nGabhlán Gaoithe in 2018; rinne Tionscadal Dhroichid Bhaile Átha Luain 2023 ceiliúradh ar stair agus ailtireacht dhroichid Bhaile Átha Luain. |
| **4.6.** | Músaeim sa chontae a spreagadh agus cabhrú leo díriú ar Chlár Caighdeán agus Creidiúnaithe Músaem (MPSI) na Comhairle Oidhreachta. | Go leanúnach. |



Seat scáileán de shamhail dhigiteach 3T de chloigeann snoite ó Bhaile Átha Luain

http://www.westmeathcoco.ie/en/ourservices/planning/conservationheritage/heritageresources/

© Digital Heritage Age

| Gníomh | *Cuspóir 5:* **Tacú le rannpháirtíocht an phobail i bpleananna agus tionscadail oidhreachta** | |
|---|---|---|
| | **Gníomh** | **Dul Chun Cinn Go dTí Seo** |
| **5.1.** | Cur le hacmhainn pobal áitiúil chun páirt a ghlacadh i dtionscadail oidhreachta inbhuanaithe tríd an gcomhairle, faisnéis agus oiliúint riachtanach a chur ar fáil. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. I measc na gcúrsaí oiliúna a cuireadh ar fáil go dtí seo tá cúrsaí dírithe ar Stairsheanchas, Cuir Aithne ar do Cheantar Áitiúil, Cúram agus Caomhnú Reiligí Stairiúla, Cuimhneacháin reilige a thaifeadadh, garraíodóireacht inbhuanaithe. |
| **5.2.** | Tionscadail oidhreachta a aithint agus a chur chun cinn a thugann deis do ghrúpaí agus pobail oibriú le chéile agus freagracht chomhroinnte a ghlacadh as acmhainn an phobail a fhorbairt. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach, éascaithe mar shampla tríd an gCiste Séadchomharthaí pobail agus Scéim Deontas Oidhreachta Pobail na Comhairle Oidhreachta. |
| **5.3.** | Pobail a spreagadh agus tacú leo chun iarratas a dhéanamh ar mhaoiniú (oiriúnach) do thionscadail oidhreachta. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach agus láithreoireachtaí déanta ag ceardlanna maoinithe bliantúla PPN. |
| **5.4.** | Tacú le cláir 'Eolaíocht Saoránach' a bhfuil sé mar aidhm le deis a thabhairt do gach duine páirt a ghlacadh i sonraí faoin oidhreacht nádúrtha a bhailiú. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |
| **5.5.** | Comhroinnt idirghníomhach agus foghlaim phobail idir grúpaí difriúla a éascú. | Cur chun feidhme ar bhonn leanúnach. |



Oibrithe deonacha ó Sheid na mBan ag cur crann dúchasach i limistéar atá saor ó Labhras, Teach, Gairdíní & Páirc Belvedere, An Muileann gCearr 2022



Ag scannánú ar an láthair do Thionscadal Geataí Iarann Buailte na hIarmhí 2023

## Tá trí fhíseán ar fáil ar Chainéal YouTube Chomhairle Contae na hIarmhí

- Discovering Wrought Iron Gates – Our Vernacular Heritage: https://www.youtube.com/watch?v=te8x0U3iy-g
- Noda chun geataí iarann buailte péinteáilte a chothabháil agus a chaomhnú: https://www.youtube.com/watch?v=_loLrOmahE0
- Maintenance and Conservation of unpainted wrought iron gates: https://www.youtube.com/watch?v=WSgXgyuEFuA&t=52s

An Chomhairle Oidhreachta
The Heritage Council

WESTMEATH COUNTY COUNCIL
Comhairle Chontae na hIarmhí